2024/742

23.2.2024

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/742 ÓN gCOMHAIRLE

## an 20 Feabhra 2024

## maidir le síneadh a chur le téarma oifige Chathaoirleach an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh (ÚBE)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 48(4) de,

Ag féachaint don togra ó Bhord Maoirseoirí an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 19 Feabhra 2019, roghnaigh Bord Maoirseoirí an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh (ÚBE) José Manuel CAMPA mar Chathaoirleach ar ÚBE. D'fhormheas Parlaimint na hEorpa an togra sin an 14 Márta 2019.

(2) Leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 le Rialachán (AE) 2019/2175 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) a mhéid a bhaineann, *inter alia*, leis an nós imeachta maidir le síneadh a chur le téarma oifige an Chathaoirligh.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 48(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, arna leasú, ar bhonn togra arna tharraingt suas ag Bord Maoirseoirí ÚBE, féadfaidh an Chomhairle, le cúnamh ón gCoimisiún, agus meastóireacht Bhord Maoirseoirí ÚBE á cur san áireamh, síneadh a chur le téarma oifige an Chathaoirligh.

(4) De bhun Airteagal 48(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, 5 bliana a mhairfidh téarma oifige Chathaoirleach ÚBE agus féadfar síneadh a chur leis aon uair amháin.

(5) An 18 Deireadh Fómhair 2023, fuair an Chomhairle an togra ó Bhord Maoirseoirí ÚBE maidir le síneadh a chur le téarma oifige an Chathaoirligh reatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar téarma oifige José Manuel CAMPA, Cathaoirleach an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh (ÚBE), a athnuachan go ceann tréimhse 5 bliana ón 30 Aibreán 2024.

([1]) IO L 331, 15.12.2010, lch. 12.

([2]) Rialachán (AE) 2019/2175 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach), Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais, Rialachán (AE) 2016/1011 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas, agus Rialachán (AE) 2015/847 maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí (IO L 334, 27.12.2019, lch. 1).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Feabhra 2024.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
H. LAHBIB